

duaisiarracht

táid ag teacht

le

soilse an lae . . .

aiste le pól ó duibhir

Níl aon chuid de Thiarnas an Rí is mó atá i mbaol ruathar an Namhad sa Chogadh seo ná Éire, agus in Éirinn is í an Phríomhchathair is mó atá i gcontúirt.¹

BA Í SEO AN TUAIRIM A NOCHT AN COIRNÉAL SEOIRSE NAPIER DE chuid arm Shasana i 1794-5. Ó thús an chogaidh idir an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc i 1793 bhí an-imní ar pholaiteoirí agus ar chinnírí míleata na Breataine go ndéanfadh loingeas na Fraince ruathar faoi Thiarnas Shasana, agus cén áit ab fhearr seo a dhéanamh ná in Éirinn. Bhí na Francaigh i seilbh mórán calafort san Ollainn ag an am, rud a chuir iachall ar an mBreatain furmhór a loingeas féin a choinneáil sa Mhuir Thuaidh.

Le gaoth aniar a mháirfeadh ceithre nó cúig lá d'fhéadfadh loingeas na Fraince caladh Bhrest a fhágáil agus Cuan Bhaile Átha Cliath a shroicheadh sula mbeadh ar chumas na mBretnach teacht i gcabhair ar an bpriomhchathair. Chuirfeadh an gaoth chéanna lántchosc ar cibé longa Breatnacha a bheadh i gcaladh Portsmouth seoladh i dtreo na hÉireann.

Bá Chill Inón Léinín an áit ab fhearr le fir armtha a chur i dtír faoi choinne na príomhchathrach, dar le Napier,

... d'fhéadfá 1,500 fear, maraon le gunnaí móra, a chur i dtír san uisce éadomhain ainneoin na taoide agus bheidís i seilbh na cathrach sula mbeadh sé ar chumas na nÚdarás 800 saighdiúr a sheoladh amach as an gcathair le cur fúthu, fiú leathshlá idir an namhaid agus cathair Bhaile Átha Cliath.²

Bhí imní air leis go gcuirfeadh an daoscarsluá fáilte roimh na Francaigh agus go mbainfeadh siad leas as an ócáid le saibhreas na huasalaicme a chreachadh.

Leis an scéal a leigheas, mhol Napier go ndéanfaí tuairim is trian den arm a dháileadh ar chosaint na príomhchathrach, ag tosú le Bá Chill Inón Léinín, áit arbh chóir campa a bhunú do 5,000 fear.³ Bheadh ar an gcampa seo bheith siar roinnt ón gcósta, taobh amuigh de réimse na ngunnaí a bheadh ag scaoileadh faoi ó na báid sa chuan. Bhí raon dhá mhíle gaelacha ag roinnt de na gunnaí seo. Mhol sé freisin go bhféadfadh an t-arm chuige go mbeadh cór beag ceardaithe ar fáil le hoibreacha créafóige sealadacha a chur in airde faoi choinne éigeandála.⁴

Ghlac an Tiarna Camden, Ionadaí an Rí, leis an

gcomhairle seo. Go luath sa bhliain 1795 bhí sé ag beartú campaí a chur ar bun agus ar 1 Meitheamh, osclaiodh an campa i mBaile Lochán, tuairim is míle intíre ón gcósta ar 120 acra talún a bhain leis an Eaglais Bhunaithe.⁵ Ainneoin an cúpla mí tréanála a cuireadh orthu ní raibh na trúpaí fós maith go leor i Mí Lúnasa le taispeántas a chur ar fáil don Tiarna Leifteanant.⁶ I Mí na Nollag 1775 bhí 2,000 fear cheana féin sa champa⁷ agus i rith na bliana dar gcionn bhí siad ag cleachtadh faoi choinne an uile shórt éigeandála: infiúchtá oíche agus cur i gcoinne teacht i dtír an namhad.⁸

Thug John Ferrar cuairt ar an gcampa i 1796 agus bhí ardmholadh aige don bhealach ar thug na hoifigigh faoi chompord na saighdiúirí a bhaint amach.⁹ Bhí gné amháin d'iompar na bhfear ag cur as dó, áfach:

... malachtú ainm an Té Uilechumhachtaigh ... coir atá ina shliocht ifreanda ag an aindiasachas gníomhach agus ag an sotal ainchreidmheach; coir nach dtéann chun tairbhe onóir ná pléisiúir an ainniseora phágánta a dhéanann é; coir a tharrain-gionn náire poiblí air; tugtar os comhair breithimh é dá bharr agus cuirtear chuig teach leasaithe é mura n-íocann sé an fhíneáil náireach a ghearrrtar air; ach, níos measa fós, coir, má leantar leis, a

stair mhíleata bhá chill iníon léinín ó 1793 go 1815

thabharfaidh air a theanga aindiaganta a chreim-eadh sa chrúachia padh.¹⁰

Mheasfadh duine go mba chóir do Ferrar níos mó inní a bheith air faoin úsáid a bhí na hUdarás ar tí a bhaint as tréithe míleata an Mhíliste, ní amháin i gcoinne chabhair na Fraince, ach i gcoinne a mhuintire féin.

I Mí na Nollag 1796 rinne na Francaigh iarracht teacht i dtír i mBeanntraí agus chuir seo go mór leis an inní a bhí ar an Rialtas roimh ruathair mhara. Bheartaigh an Tiarna Carhampton, Ardcheannsaí Fhórsaí na Breataine in Éirinn, an phlean a réiteach le Bá Chill Iníon Léinín a chosaint ar loingeas na Fraince. D'íarr sé ar Major La Chaussée an Bá a inniúchadh agus scéim chosanta a leagan amach. Francach ab ea Major La Chaussée agus tá an chuma ar an scéal gur tháinig sé isteach in arm na Breataine i ndiaidh Réabhólód na Fraince.¹¹ Chuir La Chaussée a thuarascáil faoi bhráid Carhampton ar 11 Feabhra 1797. Tá an tuarascáil aige an-soiléir agus an-stíl go deo ina chuid Fraincise.

D'aithin La Chaussée trí ionad a d'oirfeadh don namhaid agus é ag iarráidh teacht i dtír. Ba iad seo na háiteanna ina raibh briseadh sna haillte. Dar leis, bhí buntáiste mór amháin ag baint leis an mBá: ós rud é go raibh sé beagnach díreach, ní bheadh ar chumas lucht an ionraíd an dream cosanta a bhrú amach i dtreo an imill, agus mar seo ní bheadh ar an lucht cosanta a gcuid fórsaí a scaipeadh aon phioc níos leithne ná lucht an ionraíd.

Is dóigh liom gur fiú athchoimire a dhéanamh ar thuarascáil La Chaussée mar cuireann sé toise nua le dulra an Bhá agus freisin léiríonn sé aigne gonta an tsraigdiúra phroifisiúnta. Chuir La Chaussée léarscáil lena thuarascáil, ach níl sé seo ar fáil ar chor ar bith

inniu, mór an trua.¹²

Cé gur iarr Carhampton faisnéis faoi phointí ar leith, séard a dhein La Chaussée ná tuarascáil iomlán a sholáthar ar gheograf an Bhá agus ar an mbrí míleata a fhéadfaí a bhaint as. Scrúdaigh sé an Bá faoi cúig cheannteideal:

1. GEOGRAF AN CHÓSTA

Tá aillte, ar airde dóibh 30-70 troigh, le hais an chósta ar fad seachas in trí áit:

- i idir bhun Chnoc Chill Iníon Léinín agus an áith aoile—réimse 300 slat
- ii thart timpeall ar inbhear abhainn Sheanchon-nach—réimse 400 slat
- iii thart timpeall ar inbhear abhainn na Dargaile—réimse 600 slat—agus uaidh sin ar aghaidh go Ceann Bhré

Maraon leis na háiteanna seo tá bearnaí beaga sna haillte a ghearrtar ag srutháin bheaga nó ag lucht na dtithe móra le teacht ar an trá.

2. GEOGRAF INTÍRE

Tá cuma aimfitéatair ar an taobh intíre den Bhá ag síneadh faid leis na sléibhte, ach is féidir trí cinn de mhór-ranna a aithint:

- i ó Chnoc Chill Iníon Léinín go dtí an choill ag Fair View (réimse $2\frac{1}{2}$ míle). De réir mar a fhágann an talamh an cósta titeann an airde agus tá sé oscailte go maith ar leithead mhíle sula dtosaíonn sé ag éirí arís i dtreo na sléibhte. Níl aon bhacanna nádúrtha sa chuid seo tíre a chuirfeadh cosc ar an namhaid dá n-éireodh leis an réimse cósta a shárú.

ii ó Choill Fair View go Sráidbhaile Bhré (réimse $1\frac{1}{2}$ míle). Éiríonn an talamh i dtreo intíre le

claonadh réidh ar feadh 500-700 slat agus ina dhiaidh sin titeann sé le claonadh níos géire go sroicheann sé an príomhbhóthar idir Bré is Baile Átha Cliath. Tá an claonadh i dtreo an chósta oscailte go maith, ach tá an-chuid bacanna, idir dioga is cláiocha, ar an taobh intíre a chuirfeadh cosc ar chumarsáid i measc an lucht cosanta.

iii ó Shráidbháile Bhré go Ceann Bhré (réimse $\frac{3}{4}$ míle). Tá an talamh seo rialta go maith. Éiríonn sé sa treo intíre faid le cuas a bhfuil caisleán nó teach mór timpeallaithe le fallaí is le crainn ina lár.

3. LEAGAN AMACH FÓRSAÍ

Tá seo ag brath ar:

- i lion agus cineál na dtrúpaí
- ii cibé taithí cogaidh atá acu
- iii geograf an cheantair
- iv rogha an ghinearál idir chosaint fhorleathan i gcoinne an namhad nó dul i ngleic leis ar bhonn roghnach ag pointí ar leith.

Chomh maith leis na pointí thusa a chur san áireamh, braitheann leagan amach na bhfórsaí ar bhrefiúnas an ghinearál ar an láthair. Nil aon fhreagra cuimsitheach ag an teoric mhíleata ar an scéal seo.

4. MIONATHRUITHE AR AN GCÓSTA

- i gunnaí móra in áit le scoileadh ar na longa agus le cosc a chur ar an namhaid teacht i dtír. Fiú mura n-éiríonn leis seo go hiomlán laghdóidh sé ar an lón a thiofaidh i dtír.
- ii gunnaí 12 phúntr nó *howitzers* a cheilt taobh thiar de ghuallí na n-aillte agus iad seo a scaoileadh go mbíonn an namhaid tagtha i dtír. Chuirfeadh seo an namhaid go mór trí chéile mar ní bheadh ar chumas gunnaí na long teacht i gcabhair air toisc a gcuid fear féin a theacht sa bhealach.
- iii géarú a dhéanamh ar na claonta gach áit a bhfuil briseadh sna haillte chun an lón is lú ionad a fhágáil leis an namhaid teacht tríd. Bheadh sé de bhuntáiste aige seo leis go mbeadh an namhaid tréimhse fada faoi lámhach ár gunnáí dá dtiocfad sé i dtír os comhair na n-aillte.

5. MIONATHRUITHE INTÍRE

- i cláiocha atá comhthreomhar leis an gcósta, agus coillte, a ghearradh anuas ar eagla go dtabhar-faidís foscadh don namhaid.
- ii dioganna a bhaint timpeall ar na tithe móra agus iad a neartú le gunnaí móra.
- iii pící a thógáil ar bharr na gcosán uile ar eagla go n-éireodh leis an namhaid a bhealach a dhéanamh chomh fada seo intíre.

Ar ndóigh is ón gcampa i mBaile Lochán a bhí na trúpaí seo le teacht.

Ainneoin an réamhullmhúcháin seo ar fad níor tháinig na Francaigh i 1797 agus ní raibh ar thrúpaí Bhaile Lochán gluaiseacht ina gcoinne. Ach bhí cúrsái eile faoi bhun sa champa sa chuid deiridh den bhliain 1797 agus ar thús 1798. Saighdiúirí an Mhlíste is mó a bhí sa champa agus caitlicigh is mó a bhí iontu seo. Bheartaigh na hÉireannaigh Aontaithe an campa a shuathadh, ceannas a ghlacadh ar na trúpaí agus iad a úsáid le hionradh a dhéanamh ar an bpriomhchathair. Scéim an-ghlic a bhí anseo a chuirfeadh fórsaí traenáilte ar fáil do lucht na réabhlóide agus a bhainfeadh lucht a gcosanta de mhuintir na cathrach d'aon turas. Ach ar ndóigh níor tháinig faic as. Theip ar an bplean iontach seo nuair a ghlaic na hÉireannaigh Aontaithe leis an gCaptaen Armstrong mar bhall dá n-eagraíocht. Bhí an Captaen Armstrong i bhfeighil Reisimint Uí bhFáile sa champa. Bhual Armstrong leis na deartháireacha Shears go rialta i lár na cathrach leis na pleannána i leith an champa a oibríú amach.¹³ Díreach tar éis gach cruinnithe d'imigh Armstrong ag an gCaisleán agus nocth na pleannána ar fad do na hÚdarás. Ar ndóigh ní raibh ann ach spaire amháin i measc na mílte, ach is cinnte go raibh sé ciontach as cúrsái na réabhlóide a athrú go mór. Thug sé fianaise in aghaidh na deartháireacha ar 12 Iúl 1798 nuair a cuireadh tréas ina leith. Ba chuid den chúiseamh é gur bheartaigh siad teacht sa mhullach ar an gcampa i mBaile Lochán.¹⁴

Faoi Aibreán 1799 bhí deireadh leis an gcampa. Bhí na hÚdarás sásta nach raibh a thuilleadh contúirte i ngluaiseacht na nÉireannach Aontaithe tar éis bhriseadh na réabhlóide, agus bhí teipithe ar na Francaigh a tháinig i dtír san Iarthar le Humbert an bhliain roimhe sin. Cibé scéal é dhéanfadh Acht an Aontaithe na cúrsái seo a réiteach faoi dheireadh.

Bhí cineál sos comhraic ann leis an bhFrainc ó 1800 ar aghaidh, agus síniódh Conradh Amiens in 1802. Ach bhris an cogadh amach arís in 1803, agus, arís, bhí na hionráí mara ón bhFrainc ag déanamh imní don Rialtas. Cinneadh beart le sraith túr martello a thógáil timpeall ar chósta na hÉireann agus ar chósta theas Shasana. Is í Éire is mó a bhí ina cúis imní ag an Rialtas, áfach, agus tosaíodh ar na túir a thógáil sa tir seo. Ba sa chuid theas de Bhá Bhaile Átha Cliath a tógadh na túir thosaigh. Tógadh naoi gcinn i mBÁ Chill Iníon Léinín féin agus seacht gcinn eile idir Oileán Dheilginse agus an chathair.¹⁵ Chosain gach túr thart ar £1,800¹⁶ agus bhí garastún seisear nó ochtar fear iontu ar dtús.¹⁷ Laghdaíodh an lón seo nuair nár tháinig aon ionradh agus tar éis Waterloo ní raibh a thuilleadh contúirte ón bhFrainc.

Mar sin féin lean gunnadóirí i roinnt de na túir chomh fada le 1867.¹⁸

táid ag teacht le soilse an lae fonótaí

1. "The Defence of Dublin, 1794-95". Contributed by Kevin Murray. *The Irish Sword*, vol. ii, lch. 333.
2. *Ibid.*
3. *Ibid.*, lch. 336.
4. *ibid.*, lch. 337.
5. *A View of Ancient and Modern Dublin with its improvements to the year 1796*. John Ferrar. lch. 124. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann J 914133. *The Irish Militia 1793-1816*. Henry McAnally. Clonmore and Reynolds. Dublin 1949. lch. 79.
6. *Hibernian Journal*, 14.8.1795. Luaite in McAnally, lch. 83.
7. *Freeman's Journal*, 3.12.1795. Luaite in "Loughlinstown Camp" le Kevin Murray in *Dublin Historical Record*, vol. VII, no. 1, lch. 26.
8. *Freeman's Journal*, 20.8.1796 agus 24.11.1796. Lluaite in McAnally, lch. 96.
9. Ferrar, lch. 125.
10. Ferrar, lch. 130/1.
11. *Reconnoisse Militaire de la Baie de Killeeney*. 11 février 1797. Major La Chaussée. British Museum Add MS 35 919. Tá úsáid á baint as an gcáipéis seo le caoinchead Bhord Riarta Iarsmalann na Breataine Móire. Tá tuarascáil La Chaussée i bhFraincis ainneoin a chuid ordaithe a bheith i mBéarla. Gach uile sheans go raibh sé gaolmhar (mac?) le Pierre-Claude Nivelle de La Chaussée (1692-1754) drámadóir cáiliúil sa Fhraincis agus ball den Académie Française.
12. Is dócha go raibh La Chaussée ag obair don Ó choirnéal Napier, a bhí anois ina Phríomh-Innealltóir Mhachaire ag an Tiarna Carhampton.
13. Tháinig an chóip i seilbh an údair ón British Museum agus is dócha gur cóip í seo a bhí i seilbh chlann La Chaussée. Níl aon léarscáil leis an gcóip seo agus níl aon teacht ar an mbunchóip a sholáthair La Chaussée do Charhampton. Níl an bhunchóip ar fáil in aon áit díobh seo leanas: National Army Museum; Public Records Office (Londain); Royal Commission on Historical Manuscripts; Ministry of Defence; Imperial War Museum. Séard is dóichí ná gur dódh é le cáipeáis eile i mBaile Átha Cliath i rith chogadh na saoirse.
14. *The Year of Liberty*. Thomas Pakenham. Hodder and Stoughton. London 1969. lch. 81, 90, 95.
15. "Loughlinstown Camp", *loc. cit.*, lch. 31.
16. *Martello Towers*. Sheila Sutcliffe. David and Charles. Newton Abbot 1972. lch. 124/5. Níl an leabhar seo iontaofa ar fad.
17. Sutcliffe, lch. 119.
18. *Thom's County Dublin Directory*. 1867. lch. 1562.

GO LUATH

FEASTA

GO LUATH

GEARRSCÉALTA . . . SEÁN Ó CURRAOIN SEÁN Ó GADHRA P. S. Ó FAGÁIN

**FILÍOCHT . . . PEARSE HUTCHINSON SEÁN HUTTON PÁDRAIG DE BHÁL
PASCAL MAC GABHANN**

AILT LEÍRMHEASANNA DRÁMAÍ SA CHONRADH INNIU BETSY GRAY SRL